



**2020/2039(INI)**

18.9.2020

## **DRÉACHT-TUAIRIM**

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach

maidir le treochtaí déimeagrafacha a aisiompú i réigiúin AE a bhaineann úsáid as ionstraimí beartais chomhtháthaithe (2020/2039(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Mazaly Aguilar

PA\_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

- ag féachaint don tuarascáil a ghlac an Coimisiún Eorpach maidir le tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh san Eoraip an 17 Meitheamh 2020,
  - A. de bhrí go bhfuil réigiúin na hEorpa ag deileáil le hathruithe déimeagrafacha doimhne faoi láthair, amhail an ráta breithe íseal, daonra atá ag dul in aois agus tréigean leanúnach na tuaithe;
  - B. de bhrí go bhfuil sé riachtanach, i bhfianaise na paindéime, athbhreithniú a dhéanamh ar na beartais agus ar na hionstraimí lena dtugtar aghaidh ar an dúshlán déimeagrafach;
    - 1. á chur i bhfios nach mór do phaindéim COVID-19 a bheith ina cor cinniúnach sna beartais a bhaineann leis an dúshlán déimeagrafach agus deiseanna nua a chruthú d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta i limistéir thuaithe;
    - 2. á chur i bhfáth nach bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha eacnamaíocha agus sóisialta amháin ag próiseas bhánú na tuaithe, ach go bhfuil tionchar diúltach aige freisin ar chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach;
    - 3. ag tathant ar an gCoimisiún, agus an Straitéis “Ón bhFeirm go dtí an Forc” agus an Straitéis Bhithéagsúlachta á bhforbairt, réitigh nithiúla a chur ar fáil chun an daonra a choinneáil i gceantair thuaithe;
    - 4. ag tacú leis an nuálaíocht agus an digitiú chun ceantair thuaithe bheo agus dhinimiciúil a chur chun cinn; á iarraidh ar an gCoimisiún ionstram nua a fhorbairt, arna spreagadh ag tionscnaimh maidir le cathracha agus sráidbhailte cliste, chun forbairt gnólachtaí nuathionscanta a chothú i limistéir thuaithe agus, ar an gcaoi sin, a gcreat eacnamaíoch agus táirgiúil a chothú;
    - 5. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil an uailmhian atá de dhíth ag an gcreat airgeadais ilbhliantúil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an athraithe dhéimeagrafaigh; á chur in iúl gur oth léi na ciorruithe ar an dá phríomhionstraim de chuid an Chomhphobail arb é is aidhm dóibh forbairt inbhuanaithe na limistéar tuaithe, an beartas comhtháthaithe agus CBT a chur chun cinn.